Ceisteanna agus Freagraí
rialacha nua le haghaidh taisteal peataí agus pasanna peataí
do shaoránaigh AE atá ag taisteal laistigh den Aontas nó lasmuigh de

Réamhrá

Ó 29 Nollaig 2014, beidh an reachtaíocht ag athrú maidir le rialacha taistil peataí agus pasanna peataí. Féachann an doiciméad thíos leis na príomh-cheisteanna atá agat maidir leis na hathruithe sin a fhreagairt. Rinneadh an doiciméad seo i gcomhar leis an gCoimisiún Eorpach. Mar sin féin, tabhair faoi deara gur fearr dul i dteagmháil le húdaráis inniúla na tíre tionscnaimh agus cinn scríbe don eolas is cothroime le dáta.

Ceisteanna & Freagraí maidir le rialacha nua le haghaidh taisteal peataí agus pasanna peataí

GINEARÁLTA 3

1. An 29 Nollaig 2014 beidh pasanna nua peataí ag teastáil. Cad a chiallaíonn sé sin do mo mhadra, cat nó m'fhiréad? 3

2. Táim i mo chónaí in AE. Cá bhfaighidh mé pas peataí? 3

3. Cé na hainmhithe ar gá pas peataí dóibh? 3

4. Cé mhéad a chosnóidh pas peataí orm? 3

5. Cé chomh fada roimh thaisteal ar cheart dom dul i dteagmháil le tréidlia? 4

6. Cad a tharlóidh má bhím ag taisteal fara breis is 5 pheata? 4

7. Cad iad na príomhcheanglais le taisteal le mo pheata laistigh den Aontas? 4

9. An gá domsa (an t-úinéir) a bheith fara mo pheata agus é ag taisteal? 5

10. Cad é an aois íosta chun taistil do mo pheataí? 5

11. Cad a tharlóidh má thaistealaím le mo pheata gan na ceanglais a chomhlíonadh? 5

12. Táim ar saoire sa Mheánoirthear nó san Afraic Thuaidh agus ba mhaith liom ainmhí fáin a thabhairt abhaile liom. Cad iad na riachtanais? 6

MICRISHLISEADH 6

1. Cén fáth gur tábhachtach mo pheata a mhicrishliseadh roimh thaisteal? 6

2. Cá bhfaighidh mé sainaitheantas do mo pheata? 6

3. An gceadaítear sainaithint trí thatuáil? 7
4. An gá m'ainmhí a shainaithint sula dtugtar vacsaín confaidh dó? 7
VACSAÍNIÚ I gCOINNE CONFAIDH 7
1. Cén fáth gur gá vacsaíniú i gcoinne confaidh? 7
2. Cé chomh minic a theastaíonn vacsaíniú i gcoinne confaidh ó pheata chun é a bheith comhlíontach? 7
3. Cathain is gá sampla fola confaidh? 8
4. Ar cheart dom vacsaíniú confaidh a thabhairt d'ainmhithe faoi 3 mhí? 8
5. An gá vacsaínithe eile? 8
6. Cad atá le déanamh má éiríonn m'ainmhí breoite tar éis na vacsaíne? 8
PAS PEATAÍ 8
1. An 29 Nollaig 2014 beidh pasanna nua peataí ag teastáil. Cad a chiallaíonn sé sin do mo mhadra, cat nó m'fhiréad? 8
2. Cén fáth go bhfuil an pas nua peataí á thabhairt isteach? 8
3. Cad iad na príomhathruithe idir an seanphas peataí agus an ceann nua? 8
4. Cad ba chóir dom a dhéanamh má chaill mé mo sheanphas peataí? 9
5. Ní saoránach AE mé ach beidh mé i mo chónaí san Aontas fairis mo pheata ar feadh roinnt blianta. An féidir liom pas peataí a fháil chun é a úsáid laistigh den Aontas i rith an ama sin? 9
6. Tá mé ag taisteal chuig Ballstát an Aontais ó thír atá lasmuigh den Aontas. An féidir liom an pas peataí a úsáid? 9
7. Tá mé ag taisteal go tír nach bhfuil san Aontas ó Bhallstát AE. An féidir liom an pas peataí a úsáid? 9
8. Táim i mo chónaí i gceann de na críocha neamh-ilchríche AE, mar shampla Martinique nó na hOileáin Chanáracha. An féidir liom an pas peataí a úsáid? 10
CÓIREÁIL PÉISTEANNA RIBÍNEACHA & TINNIS EILE 11
1. Cathain is gá cóireáil péisteanna ribíneacha do d'ainmhí? 11
2 Cad a tharlaíonn má éiríonn m'ainmhí breoite tar éis an taistil nó má táim buartha go raibh mo peataí faoi lé galair? 11
TUILLEADH EOLAIS 11
1. Cá bhfaighidh mé tuilleadh eolais? 12

SÉANADH: Cé go ndearna na húdair iarracht chun go mbeadh an doiciméad seo chomh cruinn agus is féidir, is fearr dul i dteagmháil le húdaráis inniúla na tíre tionscnaimh agus cinn scríbe don eolas is cothroime le dáta. Ní féidir leis na húdair a dhearbhú, a bharántú, a ghabháil de láimh nó a ráthú go bhfuil an t-eolas sna Ceisteanna agus Freagraí ceart, cruinn nó iomlán.

GINEARÁLTA

1. An 29 Nollaig 2014 beidh pasanna nua peataí ag teastáil. Cad a chiallaíonn sé sin do mo mhadra, cat nó m'fhiréad?

Má tugadh pas do do pheata roimh an 29 Nollaig 2014, ní gá duit ceann nua a fháil. Tá do sheanphas bailí.

Má thugtar pas peataí do do pheata tar éis 29 Nollaig 2014, gheobhaidh sé pas nua peataí.

2. Táim i mo chónaí in AE. Cá bhfaighidh mé pas peataí?

Ní mór duit dul i dteagmháil le tréidlia i do thír féin. Is iad na húdaráis náisiúnta i ngach tír AE atá freagrach as an bpas a dháileadh ar na tréidlianna a d'údaraigh siad chun na críche sin.

3. Cé na hainmhithe ar gá pas peataí dóibh?

Is do chait, do mhadraí agus d'fhiréid an córas nua AE. Do pheataí eile, tá feidhm ag an reachtaíocht náisiúnta.

Dá bhrí sin, do gach peata eile ar mian leat taisteal leis, déan teagmháil leis an húdaráis náisiúnta i do thír agus / nó sa tír ar mian leat taisteal chuici. Má tá do pheata hibrideach (cosúil le cat Bheangál nó mac tíre-madra), téigh i teagmháil leis an Roinn Rialtais chuí.

4. Cé mhéad a chosnóidh pas peataí orm?

Níl táillí seasta leagtha síos chun pas peataí a eisiúint. Braithfidh an praghas ar an tír, an tréidlia a eisíonn an pas agus gníomhartha féideartha eile a bhaineann leis.

5. Cé chomh fada roimh thaisteal ar cheart dom dul i dteagmháil le tréidlia?

Tá sé inmholta dul i dteagmháil leis an tréidlia i bhfad roimh ré má tá sé ar intinn agat taisteal le do pheata. Tógann sé seachtainí nó fiú míonna chun ullmhú don taisteal, ag brath ar an tír is ceann scríbe duit, cé acu atá vacsaín frithchonfaidh do pheata bailí nó nach bhfuil agus cé acu is gá tástáil fola a dhéanamh ar do pheata nó nach gá. Agus tú ag taisteal laistigh den Aontas, molaimid dul chuig an tréadlia 2 mhí ar a laghad roimh thaisteal, agus más lasmuigh den Aontas a bheidh tú ag taisteal, téigh chuige níos luaithe fós.

6. Cad a tharlóidh má bhím ag taisteal fara breis is 5 pheata?

Má bhíonn tú ag taisteal fara breis is 5 pheata, caithfidh tú cloí le riachtanais chóras na "trádála" (laistigh den Aontas agus ó lasmuigh de). Ní mór duit dul i dteagmháil leis an Roinn Rialtais ábhartha chun an deimhniú cuí a fháil.

Tugtar díolúine ón gceanglas seo isteach agus duine ag taisteal fara peataí os cionn 6 mhí chuig seó, comórtas nó imeacht spóirt. Ní mór don úinéir fianaise faoi sin a chur ar fáil. .

7. Cad iad na príomhcheanglais le taisteal le mo pheata laistigh den Aontas?

Seo iad na príomhcheanglais chun taisteal le madraí, cait agus firéid:

- micrishliseadh
- vacsaíniú bailí i gcoinne confaidh
- tréimhse feithimh tar éis vacsaíniú agus roimh thaisteal (21 lá ar a laghad, ach amháin i gcás teanndáileog)
- cóireáil in aghaidh Echinococcus multilocularis: roghnach do mhadraí ag dul go roinnt tíortha:

8. Cad iad na príomhcheanglais le taisteal le mo pheata go tír atá lasmuigh den Aontas?

Ní mór duit fiosrú faoi riachtanais na tíre cinn scríbe agus na ceanglais AE a bheidh i bhfeidhm le filleadh ón tír sin. Chomh maith le micrishliseadh agus vacsaíniú bailí i gcoinne confaidh, b'fhéidir gur ghá do pheata a thástáil sula bhfágann sé an tAontas Eorpach ar shampla fola a bailíodh 30 lá ar a

laghad tar éis vacsaíniú agus é a anailísiú i saotharlann fhormheasta. Moltar tús a chur leis an obair ullmhúcháin i bhfad roimh thaisteal duit, mar is gá roinnt míonna chun an nós imeachta a chur i gcrích do roinnt tíortha.

9. An gá domsa (an t-úinéir) a bheith fara mo pheata agus é ag taisteal?

Is gá, i bprionsabal caithfidh gach peata a bheith fairis a úinéir. Aithnítear go bhféadfadh sé sin a bheith deacair i gcásanna áirithe, agus fad a bhogann an peata agus an t-úinéir laistigh de 5 lá óna chéile, meastar go bhfuil an peata 'faoi thionlacan'. Seans go mbeidh seirbhísí duine údaraithe uait má bhogann tú roimh do pheata nó ina dhiaidh.

10. Cad é an aois íosta chun taistil do mo pheataí?

Ní cheadaítear taisteal thar lear fara peataí faoi 4 mhí in a lán tíortha.

Ó 29 Nollaig 2014, ní mór do pheataí a bheith 12 sheachtain d'aois ar a laghad sular féidir iad a vacsaíniú in aghaidh confaidh chun críche taistil. Glacann roinnt tíortha le hainmhithe níos óige ná 12 sheachtain gan vacsaíniú in aghaidh confaidh, ach ní ghlacann a bhformhór leo. Ní mór duit sin a fhiosrú roimh thaisteal duit. Má fhaigheann ainmhí vacsaíniú i gcoinne confaidh, nach gá ach stealladh amháin de réir sonraíochtaí teicniúla údarú margaíochta na vacsaíne, is féidir leis an úinéir taisteal fairis an ainmhí tráth nach luaithe ná 21 lá tar éis an vacsaínithe.

11. Cad a tharlóidh má thaistealaím le mo pheata gan na ceanglais a chomhlíonadh?

Bí cinnte go bhfuil na ceanglais go léir comhlíonta don pheata roimh thaisteal. Tá cosc ar thaisteal thar lear le do pheata gan cloí leis na rialacha taistil do pheataí. Peataí atá neamhchomhlíontach, féadfaidh siad bheith ina mbaol tromchúiseach do shláinte agus daoine araon. D'fhéadfaidís confadh a thabhairt isteach i dtír, rud faoi deara torthaí tubaisteacha. Féadfar peataí neamhchomhlíontacha a chur i gcoraintín, a dhiúltú nó, mar rogha dheireanach, a mharú ar chostais an úinéara. Tá pionóis dhiana i bhfeidhm orthu siúd a bhriseann na rialacha. Ba cheart do thíortha gach ainmhí a sheiceáil agus é ag teacht isteach ina gcríoch ó lasmuigh den Aontas, agus seiceálacha neamh-idirdhealaitheacha a dhéanamh ar ainmhithe atá ag teacht isteach ina gcríoch ó thíortha laistigh den Aontas.

12. Táim ar saoire sa Mheánoirthear nó san Afraic Thuaidh agus ba mhaith liom ainmhí fáin a thabhairt abhaile liom. Cad iad na riachtanais?

Fainic, tá confadh fós sna tíortha sin! Ní féidir leat ainmhí fáin a thabhairt abhaile láithreach leat, toisc nach eol stádas confaidh an ainmhí. Nuair a ionfhabhtaítear ainmhí le confadh, bíonn tréimhse trí mhí de ghnáth ón tráth a thógtar an galar go dtí go dtosaíonn na n-airíonna. ach d'fhéadfadh an tréimhse sin bheith níos lú lá seachtain nó níos mó ná bliain amháin uaireanta. Mar sin, cé go mbeadh cuma bhreá shláintiúil ar ainmhí, d'fhéadfadh sé a bheith ionfhabhtaithe.

Is féidir leat ainmhí a thabhairt abhaile, tar éis dó a bheith micrishlisithe agus vacsaíniú confaidh bailí a fháil. Ag brath ar an tír, d'fhéadfadh gur ghá an t-ainmhí a thástáil freisin ar shampla fola a bailíodh 30 lá ar a laghad tar éis an vacsaínithe agus a ndearnadh anailís i saotharlann fhormheasta air. Ní bheidh cead agat é a thabhairt abhaile ach amháin nuair a bheidh trí mhí caite ó dháta na samplála.

MICRISHLISEADH

1. Cén fáth gur tábhachtach mo pheata a mhicrishliseadh roimh thaisteal?

Tá micrishliseadh ina oibleagáid dhlíthiúil roimh thaisteal!

Má chailltear nó má ghoidtear do pheata, b'fhéidir go mbeadh a mhicrishliseadh agus a chlárú i mbunachar sonraí do thíre ar an tslí is fearr le cur le seansanna do pheata teacht abhaile. Murab ionann agus clibeanna agus coiléir madraí, ar féidir leo titim nó iad a bhaint, tá micrishliseadh ina shlí níos buaine chun do mhadra a shainaithint.

2. Cá bhfaighidh mé sainaitheantas do mo pheata?

Beidh ort dul chuig do thréidlia chun d'ainmhí a mhicrishliseadh. Agus é ag micrishliseadh, is féidir le do thréidlia ag an am céanna sláinte d'ainmhí a sheiceáil agus na vacsaíní a bheidh ag teastáil a thabhairt dó (ina measc vacsaín i gcoinne confaidh). I roinnt tíortha, is féidir le gairmithe eile a fuair oiliúint speisialta micrishliseadh a dhéanamh.

3. An gceadaítear sainaithint trí thatuáil?

Ceadaítear, ach chun bogadh thar lear níl an tatú bailí ach amháin má cuireadh i bhfeidhm roimh an 3 Iúil 2011 é, agus caithfidh sé a bheith soléite.

4. An gá m'ainmhí a shainaithint sula dtugtar vacsaín confaidh dó?

Is gá, ní mór do d'ainmhí an chóireáil cheart a fháil san ord ceart. Chun cinnteacht faoi shainaitheantas an ainmhí ag am an vacsaínithe a chinntiú, ní mór é a mhicrishliseadh sula bhfaigheann sé an vacsaíniú.

VACSAÍNIÚ I gCOINNE CONFAIDH

1. Cén fáth gur gá vacsaíniú i gcoinne confaidh?

Cosnaíonn an vacsaín confaidh do mhadra i gcoinne confaidh.

Tá confadh ar cheann de na zónóisí víreasacha is tromchúisí ar fud an domhain. In ainneoin é a bheith 100% inseachanta, meastar go bhfaigheann 55,000 duine bás ó chonfadh gach bliain: a bhformhór mór i dtíortha atá i mbéal forbartha, agus leanaí faoi bhun 15 bliana d'aois a leath.

San Aontas Eorpach, laghdaigh an ráta confaidh go mór ó na 1980í, den chuid is mó mar gheall ar mhadraí baile agus fiadhúlra a vacsaíniú. A bhuí leis na hiarrachtaí sin, dearbhaíodh a lán tíortha Eorpacha a bheith 'saor ó chonfadh' anois agus tá an galar beagnach dearmadta.

Mar sin féin, tá confadh fós le fáil i roinnt tíortha ar fud an Aontais Eorpaigh. Ciallaíonn sé sin go mbaineann ríthábhacht lenár madraí a choinneáil vacsaínithe agus a bheith thar a bheith cúramach agus madraí á dtabhairt ó thíortha ina bhfuil confadh a thagann trí mhadraí fós.

2. Cé chomh minic a theastaíonn vacsaíniú i gcoinne confaidh ó pheata chun é a bheith comhlíontach?

I gcomhréir le sonraíochtaí teicniúla údarú margaíochta na vacsaíne sa tír ina bhfuil sé á riaradh. Beidh sé sin ar eolas ag do thréidlia.

Éilíonn na rialacha nua ar thíortha Eorpacha liosta a dhéanamh de na vacsaíní confaidh ceadúnaithe. Ach an liosta sin a bheith ullamh, cuirfimid isteach nasc dó sa doiciméad seo.

3. Cathain is gá sampla fola confaidh?

Beidh gá le sampla fola chun taisteal chuig tíortha áirithe lasmuigh den Aontas agus chun filleadh orthu.

4. Ar cheart dom vacsaíniú confaidh a thabhairt d'ainmhithe faoi 3 mhí?

Níor cheart. Féadfaidh ainmhí atá níos lú ná 3 mhí d'aois a bheith ró-óg lena vacsaíniú go héifeachtach i gcoinne confaidh. Sin an fáth go bhforchuireann an riail nua aois íosta 12 sheachtain don vacsaíniú príomha i gcoinne confaidh.

5. An gá vacsaínithe eile?

Ní gá aon vacsaínithe eile, seachas confadh, chun taisteal laistigh den Aontas. Féadfaidh vacsaínithe eile a bheith ag teastáil don taisteal lasmuigh den Aontas. Fiosraigh é sin roimh ré, le do thoil.

Mar sin féin, ar mhaithe le sláinte d'ainmhí, is inmholta go mór é a vacsaíniú i gcoinne na ngalar coitianta eile go háirithe parvavíreas cainíneach, víreas conslaoid chainínigh, adanaivíreas cainíneach agus painleocaipéine fheilíneach.

6. Cad atá le déanamh má éiríonn m'ainmhí breoite tar éis na vacsaíne?

Is annamh a bhíonn fo-éifeachtaí le vacsaíní, ina measc vacsaíniú i gcoinne confaidh, ach tarlaíonn siad. Má bhíonn imoibriú ó vacsaín ag d'ainmhí, inis sin i gcónaí do do thréidlia, fiú mura bhfuil ann ach imoibriú féinteorannaithe, éadrom.

PAS PEATAÍ

1. An 29 Nollaig 2014 beidh pasanna nua peataí ag teastáil. Cad a chiallaíonn sé sin do mo mhadra, cat nó m'fhiréad?

Má tugadh pas do do pheata roimh an 29 Nollaig 2014, ní gá duit ceann nua a fháil. Tá do sheanphas bailí.

Má thugtar pas peataí do do pheata tar éis 29 Nollaig 2014, gheobhaidh sé pas nua peataí.

2. Cén fáth go bhfuil an pas nua peataí á thabhairt isteach?

Tá an pas nua peataí á thabhairt isteach chun a shlándáil a fheabhsú.

3. Cad iad na príomhathruithe idir an seanphas peataí agus an ceann nua?

Beidh sa phas nua peataí:

- stiallacha lannaithe chun na leathanaigh a bhfuil eolas micrishlise orthu, agus aon chóireáil dheimhnithe, a chlúdach le greamán.

- Tá sa phas leathanach tiomnaithe chun sonraí an tréidlia a d'eisigh an pas a thaifeadadh.
- Ní mór dáta 'bailí ó' a chur isteach le haghaidh vacsaíní i gcoinne confaidh (gan teanndáileoga). Ligeann sé d'úinéirí peataí a fheiceáil go soiléir cathain a bheidh an pas bailí le haghaidh taistil agus simplíonn sé an próiseas le comhlíonadh a sheiceáil.

4. Cad ba chóir dom a dhéanamh má chaill mé mo sheanphas peataí?

Ba cheart duit dul i dteagmháil le do thréidlia d'fhonn pas eile a fháil do d'ainmhí agus athvacsaíniú a eagrú dó.

5. Ní saoránach AE mé ach beidh mé i mo chónaí san Aontas fairis mo pheata ar feadh roinnt blianta. An féidir liom pas peataí a fháil chun é a úsáid laistigh den Aontas i rith an ama sin?

Is féidir. Ba cheart duit teagmháil a dhéanamh le tréidlia in aon cheann de Bhallstáit an Aontais chun an vacsaíniú is gá, agus pas do do pheata, a fháil.

6. Tá mé ag taisteal chuig Ballstát an Aontais ó thír atá lasmuigh den Aontas. An féidir liom an pas peataí a úsáid?

Ní féidir. I bprionsabal is do pheataí atá ag taisteal idir Ballstáit an Aontais Eorpaigh amháin a úsáidtear an pas peataí. Mar sin féin, is féidir leat an pas peataí a úsáid freisin má tá tú ag taisteal chuig ceann de na tíortha comharsanacha ina bhfuil feidhm ag na rialacha AE, nó ag filleadh ó na tíortha sin. Orthu sin áirítear: Andóra, Oileáin Fharó, Giobráltar, an Ghraonlainn, an Íoslainn, Lichtinstéin, Monacó, an Iorua, San Mairíne, an Eilvéis agus Stát Chathair na Vatacáine.

Glactar leis an bpas peataí freisin má tá tú ag filleadh ó thír atá lasmuigh den Aontas, ar choinníoll go bhfuil na ceanglais a bhaineann leis an tír sin comhlíonta agat sula bhfágann tú an tAontas.

I ngach cás eile, ní mór deimhniú sláinte arna eisiúint ag tréidlia oifigiúil bheith ag gabháil le do pheata.

7. Tá mé ag taisteal go tír nach bhfuil san Aontas ó Bhallstát AE. An féidir liom an pas peataí a úsáid?

Tá roinnt tíortha lasmuigh den Aontas a ghlacann leis an bpas peataí ar choinníoll gur dhlisteanaigh tréidlia oifigiúil an leathanach cuí den phas. Fiosraigh é sin roimh ré, le do thoil.

8. Táim i mo chónaí i gceann de na críocha neamh-ilchríche AE, mar shampla Martinique nó na hOileáin Chanáracha. An féidir liom an pas peataí a úsáid?

Is féidir. Féadfaidh tú an pas peataí a úsáid má tá tú ag taisteal chuig na críocha seo a leanas nó ag filleadh uathu:

- an Ghraonlainn agus na hOileáin Fharó (pas peataí na Danmhairge);
- Guáin na Fraince, Guadalúip, Martinique, La Réunion (pas peataí Francach);
- na hOileáin Chanáracha (pas peataí Spáinneach);
- na hAsóir agus Maidéara (pas peataí Portaingéalach);
- Giobráltar (pas peataí ar leith do Ghiobráltar).

[VET] *8. An féidir liom an seanphas peataí a úsáid i gcónaí má tá sé i stoc agam tar éis an 29 Nollaig, 2014?*

Ní féidir. Ní cheadaítear do thréidlianna seanphasanna a eisiúint tar éis 29 Nollaig 2014. Úinéirí a bhfuil peataí acu ar tugadh pas dóibh roimh 29 Nollaig 2014, is féidir leo leanúint leis an bpas sin a úsáid. Ní gá duit chun pas nua a eisiúint dóibh.

[VET] *9. Má thagann cliaint chugam agus peata agus seanphas peataí acu, ar cheart dom é a lannú freisin?*

Níor cheart, ach ar chúiseanna slándála, is féidir leat lannán greamaitheach trédhearcach a úsáid le séala a chur ar an leathanach ina bhfuil an t-eolas mar ghreamán.

[VET] *10. Cad é an suíomh idirlín is fearr le fáil amach cé na tíortha a éilíonn ceanglais bhreise?*

Tá a lán eolais ar fáil ar shuíomh gréasáin an Choimisiúin Eorpaigh: http://ec.europa.eu/food/animal/liveanimals/pets/index_ga.htm agus ar shuíomhanna gréasáin gach Ballstáit. http://ec.europa.eu/food/animal/liveanimals/pets/nat_rules_dogscatferret_ga.htm

[VET]*11. Cé na dualgais taifid a choimeád atá orm mar thréidlia?*

Éilíonn an Rialachán nua ar thréidlianna taifid a choimeád ar feadh tréimhse nach lú ná 3 bliana ar an líon pasanna peataí i dtaca leis an eolas i Roinn I, II agus III den phas peataí:
- líon na micrishliseanna, láthair agus dáta an léimh/an iarratais
- ainm, speiceas, cine, gnéas, dath, dáta breithe agus aon ghnéithe nó saintréithe suntasacha nó so-aitheanta atá ag an bpeata
- ainm agus sonraí teagmhála an úinéara.



CÓIREÁIL PÉISTEANNA RIBÍNEACHA & TINNIS EILE

1. Cathain is gá cóireáil péisteanna ribíneacha do d'ainmhí?

Is gá cóireáil péisteanna ribíneacha do pheataí roimh thaisteal go dtí an Fhionlainn, Éire, Málta, nó an Ríocht Aontaithe.

2 Cad a tharlaíonn má éiríonn m'ainmhí breoite tar éis an taistil nó má táim buartha go raibh mo peataí faoi lé galair?

Má thógann tú do pheata thar lear, d'fhéadfadh sé a bheith faoi lé galair nach bhfuil i do thír, mar shampla galair a tharchuirtear le greim sceartán áirithe, agus súmairí amhail péisteanna croí agus péisteanna ribíní. D'fhéadfadh sé a bheith gan díolúine nádúrtha ar ghalair den sórt sin agus d'fhéadfaí é a ionfhabhtú. Is féidir le daoine roinnt de na galair sin a thógáil.

Má bhíonn comharthaí tinnis ar do pheata tar éis filleadh ón gcoigríoch, cuir sin in iúl don tréidlia ionas gur féidir leo a mheas ar thóg do pheata galar nó ionfhabhtú agus é thar lear.

Molaimid duit dul i gcomhairle leis an tréidlia faoi shláinte agus oiriúnacht chun taistil do pheata sula dtógann tú thar lear é. Ag brath ar an áit a bhfuil tú ag dul, ba cheart go mbeadh an tréidlia in ann comhairle a chur ort faoi chóireálacha coisctheacha, nó aon réamhchúraimí eile is gá duit a ghlacadh agus conas comharthaí drochshláinte a lorg i do pheata.

TUILLEADH EOLAIS

1. Cá bhfaighidh mé tuilleadh eolais?

http://ec.europa.eu/food/animal/liveanimals/pets/index_ga.htm